# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.
Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá Ginearálta**

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Gnáthleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.
In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.
Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach.
Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

## AONAD A hAON

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### CEIST 1. AN FHEALSÚNACHT AGUS AN CREIDEAMH

**Freagair a) agus b).**

**1 1 a)** ***Samhlaigh go bhfuil Arastatail ainmnithe le haghaidh gradaim a thugann ómós do dhaoine a ghlac páirt i bhforbairt na fealsúnachta.*** **Mínigh cúis amháin a bhféadfaí ómós a thabhairt d'Arastatail mar dhuine a ghlac páirt i bhforbairt na fealsúnachta.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar smaointeoireacht fhealsúnach na Sean-Ghréige trí chuntas cruinn a thabhairt ar chúis amháin a bhféadfaí ómós a thabhairt d'Arastatal as an méid a chuir sé le forbairt na fealsúnachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Chuaigh Arastatal níos faide ná Platón sa dóigh ar aithin sé go bhfaighimid eolas ar an domhan trí na céadfaí; d'áitigh Arastatal go mbaineann ríthábhacht le foirmeacha maidir leis na míreanna agus nach féidir leo maireachtáil scartha uathu agus nach mór staidéar a dhéanamh orthu ina gcoibhneas etc.
- Bhí Arastatal ar an gcéad duine a rangaigh réimsí d'eolas an duine isteach i ndisciplíní ar leith amhail eolaíocht, matamaitic, bitheolaíocht agus eitic etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**1 1 b) Maidir le daoine a bhí ina gcónaí i sochaí ársa, tabhair breac-chuntas ar shampla den chaoi ar léirigh siad a gcreideamh i saothar ealaíne *nó* i ndéantúsán.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar rianta reiligiúin sna sochaithe is luaithe trí eolas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ar léiríodh creideamh i sochaí ársa i saothar ealaíne *nó* i ndéantúsán.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- D'fhéadfaí creideamh i dtorthúlacht agus in athbhreith a léiriú i ndeilbhíní beaga mná (deilbhíní Véineas) ar thángthas orthu ag suíomhanna ársa ar fud na hEorpa etc.
- D'fhéadfadh déantáin Cheilteacha atá maisithe le héin a bheith bainteach leis an gcreideamh go raibh éin ina dteachtairí spioradálta a thug cumarsáid ón saol eile leo etc.
- Is minic a bhíonn colúin Iúpatair a fuarthas sa Fhrainc agus sa Ghearmáin atá ann ón aimsir Ghall-Rómhánach maisithe le fíoracha de dhéithe Rómhánacha agus de dhéithe áitiúla Ceilteacha etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

## CEIST 2. COINCHEAPA DÉ

**Freagair a) agus b).**

**1 2 a)** ***Sa chianaimsir bhí daoine áirithe ann a chreid gur chruthaigh Dia an chruinne.*** **20M**
**Déan cur síos ar dhá chreideamh eile a bhí ag daoine sa chianaimsir faoi Dhia/na déithe/nó faoi ghné dhiaga.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar choincheap Dé trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá chreideamh a bhí ag daoine sa chianaimsir faoi Dhia/na déithe/nó faoi ghné dhiaga, seachas an creideamh faoi Dhia mar chruthaitheoir.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Chreid daoine i roinnt mhaith cineálacha Déithe e.g. Dia is scriostóir; Dia is cuiditheoir; i gclann déithe e.g. Séas (an ceannaire), Airéis (Dia an Chogaidh), Apalló (Dia an Cheoil), etc.
- Bhí Déithe cumhachtach agus bhí eagla rompu. Rinneadh íobairtí chun na déithe a shásamh agus a cheansú etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | > 3 | > 2 | 1 >0 | 10Mx2 |

**1 2 b)** **Scrúdaigh an tuiscint ar Dhia is féidir a fheiceáil i gcód morálta a bhaineann le ceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas:** **20M**
**◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaidreamh idir creideamh reiligiúnach agus cód eiticiúil trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tuiscint ar Dhia is féidir a fheiceáil i gcód morálta a bhaineann le ceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Chríostaíocht e.g léirigh an Riail Órga a theagasc Íosa go raibh Dia grámhar agus maiteach agus go raibh baint aige leis an domhan etc.
- An tIoslamachas e.g. léirítear sa Chórán an cúram a thugann Allah do na boicht agus do na daoine laga etc.
- An Giúdachas e.g. léiríonn an Chúnaint íomhá Dé mar reachtóir, mar ní atá cumhachtach, atruach agus cóir; mar Dhia dílis a chomhlíon gealltanais agus a bhí ag súil go gcomhlíonfaí na gealltanais a thug daoine dósan etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**CEIST 3. BRÍ NA BEATHA**

**Freagair a) agus b).**

**1 3 a) Déan cur síos ar shampla amháin den chaoi a bhfeictear daoine a chuireann ceisteanna agus iad ag cuardach bhrí na beatha, i gcúrsaí litríochta, ceoil *nó* cultúr óige sa lá atá inniu ann.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaoi a léirítear cuardach bhrí na beatha trí chuntas cruinn a thabhairt ar shampla amháin den chaoi a bhfeictear ceisteanna faoi bhrí na beatha i gcúrsaí litríochta, ceoil nó cultúr óige sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Ceol/Cultúr Óige e.g. Tugann an t-amhrán 'There's gotta be more to life' (Stacie Orico) le tuiscint gur minic a bhíonn daoine ag cuardach bhrí na beatha nó ag cuardach cúis éigin lena n-eiseadh etc.
- Litríocht/Cultúr Óige e.g. léirítear daoine ag cur ceisteanna agus iad ag cuardach bhrí na beatha sa dán 'The road not taken' (Robert Frost) etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**1 3 b) Mínigh dhá chúis a mbíonn deacrachtaí ag daoine uaireanta sa lá atá inniu ann agus iad ag cuardach bhrí na beatha.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaoi a léirítear cuardach bhrí na beatha trí chuntas cruinn a thabhairt ar shampla amháin den chaoi a bhfeictear ceisteanna faoi bhrí na beatha i gcúrsaí litríochta, ceoil *nó* cultúr óige sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Réasúnaíocht thomhaltach e.g. nuair a mheastar rath i dtéarmaí ábhartha nó airgeadaíochta, ní fhágann sé sin mórán spáis le haghaidh na ngnéithe caidreamhacha, spioradálta nó eiticiúla de shonas an duine etc.
- Is féidir nach dtugann luas gasta an tsaoil an t-am le haghaidh machnamh criticiúil etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | > 3 | > 2 | 1 >0 | 10Mx2 |

## AONAD A DÓ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a), b) agus c).**

**2 B a)** ***Sna Soiscéil déantar cur síos ar an gcaoi ar cuireadh Íosa ar triail os comhair an tSainidrín.*** **20M**
**Mínigh cén fáth ar cuireadh Íosa ar triail os comhair an tSainidrín agus déan tagairt d'eachtraí a tharla i saol Íosa a bhfuil cur síos déanta orthu sna Soiscéil.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chúinsí bhás Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt, agus tagairt á déanamh d'eachtraí sna Soiscéil, ar fháth amháin nó ar níos mó ná fáth amháin ar cuireadh Íosa ar triail os comhair an tSainidrín.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Leigheas Íosa lámh fir ar an tSabóid, agus ar an dóigh sin, sháraigh sé an reacht Sabóideach etc.
- Cuireadh diamhasla i leith Íosa mar gur mhaígh sé go raibh an t-údarás aige peacaí a mhaitheamh etc.
- Is féidir gur measadh go raibh údarás na Sadúcach á cheistiú nuair a chuir Íosa na trádálaithe amach as an Teampall etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 B b)** **Mínigh dhá chúis ar mhothaigh Pointias Píoláit faoi bhagairt, b'fhéidir, mar gheall ar theagasc Íosa.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dóigh ar cheistigh Íosa luachanna impiriúla na Rómhánach trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá chúis a bhféadfadh Pointias Píoláit a mheas gur bhagairt bhí i bhfocail nó i ngníomhartha Íosa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- D'fhéadfadh go mbeadh seasamh Phíoláit i mbaol dá loicfeadh sé i gcur chun báis duine ar mhaígh na húdaráis Ghiúdacha gur bagairt do riail na Róimhe sa Phalaistín a bhí ann; mar gur tugadh slánaitheoir/meisias/fuascailteoir polaitiúil a bhí ag iarraidh ríocht nua a bhunú ar Íosa etc.
- Teagasc Íosa faoi Ríocht Dé — teagasc Íosa faoin scoiteacht ón saibhreas agus ó iarmhais agus gur i bhfreastal ar dhaoine eile a bhí an chumhacht mar go raibh an saibhreas, cumhacht agus glóir tábhachtach don Rómhánach etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 > 2 > 1 | 10 Mx2 |

**2 B c)** **● SOISCÉALAÍ – MATHA *NÓ* MARCAS *NÓ* LÚCAS *NÓ* EOIN ● JOSEPHUS ● NAOMH PÓL** **40M**

**Déan measúnú ar an bhfianaise atá ann gur mhair Íosa Nazórach agus a bhfuil fáil uirthi i scríbhinní duine amháin díobh seo thuas.**
**Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:**
**i. FOINSE ÚDARÁSACH ii. FOINSE PHRÍOMHÚIL *NÓ* THÁNAISTEACH**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an bhfianaise atá ann gur mhair Íosa Nazórach trí bhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise atá i gceann amháin de na foinsí atá liostaithe sa cheist gur mhair Íosa agus trí thátail chruinne a bhaint as mar fhoinse údarásach nó mar fhoinse phríomhúil / thánaisteach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Soiscéalaí — foinse thábhachtach/údarásach fianaise gur mhair Íosa Nazórach mar go gcuimsíonn scríbhinní Soiscéil cuntais finné súl a caomhnaíodh go dílis etc.
- Josephus — staraí Giúdach a ghlac leis an bhfírinne stairiúil gur mhair Íosa; foinse thánaisteach fianaise gur mhair Íosa Nazórach inar tugadh 'saoi, duine a dhéanann bearta iontacha, oide an duine' air etc.
- Naomh Pól — thosaigh sé ag scríobh faoi Íosa sular scríobhadh na Soiscéil, ag tarraingt ar an traidisiún béil a tháinig astu siúd a raibh aithne phearsanta acu ar Íosa etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a), b) agus c).**

**2 C a)** ◆ **AN BÚDACHAS** ◆ **AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆ **AN HIONDÚCHAS** ◆ **AN TIOSLAMACHAS** ◆ **AN GIÚDACHAS** **20M**

**Déan cur síos ar shearmanas reiligiúnach ina ndéantar tréimhse ríthábhachtach a chomóradh i saol duine atá mar bhall de cheann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar mhór-reiligiún domhanda trí chuntas cruinn a thabhairt ar an dóigh a ndéanann na focail shiombalacha nó na gníomhartha siombalacha i searmanas reiligiúnach comóradh ar thréimhse ríthábhachtach i saol duine atá mar bhall de cheann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Búdachas e.g. tugtar leanbh chuig an teampall áitiúil le haghaidh an tsearmanais ainmniúcháin; baineann an gníomh deasghnách le céir leáite a scaoileadh isteach i mbabhla uisce etc.
- An Chríostaíocht e.g. tá gníomhartha siombalacha lena mbaineann uisce, éadach bán agus ungadh le holaí naofa (criosma) ina gcuid den deasghnáth baiste; tugtar coinneal lasta don leanbh nuabhaiste etc.
- An Hiondúchas e.g. tagann an teaghlach le chéile chun ceiliúradh tar éis breith linbh; scríobhtar 'Aum' i mil ar theanga an linbh etc.
- An tIoslamachas e.g. nuair atá leanbh seacht lá d'aois, cuirtear an searmanas Aqiqah ar siúl; déantar gruaig an linbh a bhearradh agus a mheá; go traidisiúnta, dhéanfaí gabhar nó caora a íobairt chun buíochas a ghabháil le hAllah as an leanbh etc.
- An Giúdachas e.g. nuair atá leanbh ocht lá d'aois, ainmnítear é/í agus deirtear urnaithe beannachta; tá timpeallghearradh (Brit Milah) a dhéanann mohel oilte agus cláraithe i gceist sa searmanas do bhuachaillí etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 C b)** **Mínigh conas a léirítear cúrsaí creidimh na mball den mhór-reiligiún domhanda lena mbaineann sé sa searmanas reiligiúnach a ndearna tú cur síos air thuas.** **30M**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar mhór-reiligiún domhanda trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas a léirítear cúrsa creidimh sna focail shiombalacha nó sna gníomhartha siombalacha sa searmanas reiligiúnach a ndearnadh cur síos orthu i gcuid Ca) den cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Búdachas e.g. Searmanas Ainmnithe — tá an searmanas ainmniúcháin ina shiombail ar an aontas idir tine, aer agus uisce agus ar an dóchas go mbeidh síth den chineál céanna i saol an linbh etc.

- An Chríostaíocht e.g. Baisteadh — baintear úsáid as uisce sa deasghnáth baiste mar shiombail go bhfuair an t-olc sa duine bás leis/léi agus gur éirigh an duine le hÍosa le hungadh lena Spiorad; tá an choinneal lasta agus an t-ungadh le holaí naofa (criosma) ina siombailí go n-iarrtar ar an leanbh nuabhaiste a bheith ina C(h)ríost eile; baintear úsáid as éadach bán chun an bunathrú in Íosa a chur i gcuimhne na rannpháirtithe etc.
- An Hiondúchas e.g. léiríonn an siolla beannaithe "Aum" dóchas an teaghlaigh go bhfásfaidh an leanbh seo go n-inseoidh sé an fhírinne 'atá milis ar aon dul leis an mil' etc.
- An tIoslamachas e.g. Searmanas Aqiqah — tugtar meáchan ghruaig an linbh do na boicht i riocht airgid/óir/airgid thirim mar shiombail ar bhuíochas le hAllah etc.
- An Giúdachas e.g. Brit Milah — siombailí ar an gcreideamh sa Chúnant idir Abrahám agus Dia etc.

Tabhair ar aird: Seachain pionóis iarmhartacha

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**2 C c)** **Roghnaigh reiligiún domhanda amháin as Liosta A agus reiligiún domhanda amháin as Liosta B thíos:** **30M**

**LIOSTA A: ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN GIÚDACHAS**
**LIOSTA B: ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN TIOSLAMACHAS**

**Déan comparáid idir na struchtúir atá ar phobail na gcreidmheach in Éirinn sa lá atá inniu ann i gcás gach ceann de na reiligiúin dhomhanda a roghnaigh tú thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar dhá mhór-reiligiún dhomhanda trí shúil ghéar a chaitheamh ar na cosúlachtaí agus/nó na difríochtaí sa dóigh a ndéantar creidmhigh a eagrú/a struchtúrú in Éirinn sa lá atá inniu ann in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Ní ann d'aon údarás láir/chomhlacht rialaithe e.g. an Búdachas agus an Giúdachas etc.
- Tá éagsúlacht san eagrúchán/sna struchtúir, idir struchtúir ordlathacha agus struchtúir dhaonlathacha e.g. an Chríostaíocht agus an Hiondúchas;
- Eagraítear an pobal áitiúil go geografach e.g. an tIoslamachas agus an Chríostaíocht etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**Freagair a), b) agus c).**

**2 D a) Déan próifíl den chaoi a bhféadfadh baint a bheith ag reiligiún le coinsias duine a fhorbairt.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar pheirspictíocht reiligiúnach ar an moráltacht trí rianú cruinn a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh baint a bheith ag reiligiún leis an tuiscint atá ag duine ar an gceart agus an éigeart a fhorbairt.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Is féidir le teagasc reiligiúnach cabhrú le duine machnamh a dhéanamh agus cinntí morálta á ndéanamh aige/aici etc.
- Is féidir le léamh téacs naofa treoir a thabhairt maidir le cad is ceart agus le cad is éigeart etc.
- Is féidir le cód morálta reiligiúnach eolas a dhéanamh do choinsias duine e.g. an proiceapta Búdaíoch in aghaidh caint éithigh a dhéanamh etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 D b) Mínigh cén fáth a bhfuil sé riachtanach go mbeadh coinsias oilte ag duine sula ndéanann sé/sí cinneadh morálta.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar choinsias trí chuntas cruinn a thabhairt ar fháth amháin nó ar níos mó ná fáth amháin a bhfuil sé riachtanach go mbeadh coinsias oilte ag duine sula gcinneann sé/sí cad is ceart agus cad is éigeart.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Cuireann sé roghanna ar fáil don duine sula ndéanann siad cinneadh morálta etc.
- Tugann sé tuiscint don duine ar na hiarmhairtí féideartha go léir a thagann as aincheist mhorálta agus cabhraíonn sé leis an duine an cinneadh morálta deiridh a dhéanamh etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 D c) *"Níor chóir go mbeadh freagracht mhorálta ar aisteoirí a bheith ina n-eiseamláirí"* 40M**

***(Réalta an Chláir Teilifíse Love/Hate)***

**Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do na rudaí a théann i bhfeidhm ar dhuine agus cinneadh morálta á dhéanamh aige/aici.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar fhoinsí prionsabal morálta trí scrúdú a dhéanamh ar thionchar na meán agus tosca eile ar chinnteoireacht mhorálta an duine agus trí thátail chruinne a bhaint as.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is féidir go bhfuil an cinneadh a dhéanann duine bunaithe ar dhaoine eile a shásamh e.g. Céim Choinbhinsiúnach Kohlberg etc.
- D'fhéadfadh teaghlach/cairde spreagadh a thabhairt do dhuine gníomhú go haltrúíoch agus breithiúnas á dhéanamh aige/aici ar cad is ceart agus cad is éigeart etc.
- Is féidir leis na meáin, e.g. cláir theilifíse, teachtaireachtaí morálta a chur in iúl, mar a bhfuil aincheisteanna morálta os comhair na gcarachtar agus mar a ndéanann siad cinntí morálta etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## AONAD A TRÍ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

### ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

**Freagairt a) agus b).**

**3 E a)** ◆ **AN BÚDACHAS** ◆ **AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆ **AN HIONDÚCHAS** ◆ **AN TIOSLAMACHAS** ◆ **AN GIÚDACHAS** **40M**

**Déan comparáid idir na róil atá ag mná sa lá atá inniu ann in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na róil atá ag mná in dhá thraidisiún reiligiúnacha trí na cosúlachtaí agus/nó na difríochtaí sa ról a bhíonn ag mná in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist a shainaithint.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Búdachas — Bhí Siddartha Gautama den tuairim gurbh ionann an cumas léargais a bhí ag mná agus an cumas léargais a bhí ag fir agus chruthaigh sé ord mainistreach do mhná a bhí coibhéiseach leis an ord mainistreach d'fhir. Le himeacht ama, chuaigh oirniú mainistreach iomlán do mhná in éag san India agus i Srí Lanca ach leanadh leis sa tSín agus i mBúdachas Mahayana etc.
- An Chríostaíocht — Bhí róil thábhachtacha ag mná sna Soiscéil; mar thoradh ar thosca soch-chultúrtha sna luathphobail Chríostaí, d'éirigh róil cheannaireachta ní ba bhaintí le fir de réir a chéile; ról na mban mar Mhinistrí ar an bhFocal agus Mhinistrí ar an Eocairist san Eaglais Chaitliceach Rómhánach; oirnítear mná mar shagairt i roinnt sainchreidimh Phrotastúnacha etc.
- An Hiondúchas — Tá ról ceannaireachta ag mná in go leor de na deasghnátha reiligiúnacha e.g. cóiríonn siad an bia le haghaidh féilte reiligiúnacha; déantar na deasghnátha Samskara (deasghnátha saolré) do bhuachaillí agus do chailíní araon ach féadann siad bheith níos mionsaothraithe do bhuachaillí etc.
- An tIoslamachas — Sa Chórán teastaíonn na cáilíochtaí céanna suáilce agus féinghéillte ó mhná agus ó fhir araon; ceanglaítear ar mhná Cúig Cholún Ioslaim a leanúint sa dóigh chéanna a leanann fir iad; le himeacht ama, d'imir an cultúr mórthimpeall tionchar ar ról na mban agus na bhfear; ceapadh mná mar iomáimí etc.
- An Giúdachas — Tá freagracht ar mhná as an mbeatha reiligiúnach laistigh den bhaile; suíonn fir ar leithligh i sionagóga traidisiúnta agus tá freagracht orthu as seirbhísí reiligiúnacha; le déanaí i bpobail nach bhfuil an-ortadocsach, thosaigh mná ag comhroinnt ról a sannadh d'fhir go traidisiúnta, agus iad ina raibithe agus ina léirmhínitheoirí ar dhlí na nGiúdach etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 E b) Scrúdaigh an chaoi a raibh tionchar ag smaointe nó ag gníomhartha aon bhean amháin in aon cheann de na catagóirí thíos ar fhorbairt an traidisiúin reiligiúnaigh lena bhfuil sí bainteach.** **40M**

- **BUNAITHEOIRÍ & LEASAITHEOIRÍ NA N-ORD RIALTA**
- **SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA**
- **LEASAITHEOIRÍ REILIGIÚNACHA**
- **SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an méid a chuir bean amháin le traidisiún reiligiúnach trí shúil ghéar a chaitheamh ar an gcaoi a raibh tionchar ag smaointe nó ag gníomhartha a bhí ag aon bhean amháin, as aon cheann de na catagóirí atá liostaithe sa cheist, ar fhorbairt a traidisiúin reiligiúnaigh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. spreagadh daoine eile le heitic oibre agus le tiomantas Nano Nagle do phríomhphrionsabail chreidimh; d'fhorbair sí a traidisiún reiligiúnach trí Ord na Toirbhearta a bhunú, a chuir oideachas Caitliceach ar fáil do na boicht etc.
- e.g. chabhraigh an cumas éisteachta agus aitheanta a bhí ag Elizabeth Johnson léi a traidisiún reiligiúnach a fhorbairt trí scríbhinní diagachta etc.
- e.g. d'fhorbair an diongbháilteacht agus an atrua do dhaoine eile a bhí ag Edwina Gately a traidisiún reiligiúnach trí mhaireachtáil de réir shaintréithe Ríocht Dé etc.
- e.g. Caitríona de Siena, cosantóir na mbocht agus Dochtúir de chuid na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí ar thug a dlúthaíocht le Dia spreagadh di athchóiriú a traidisiúin a chur chun cinn etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

**Freagair a) agus b).**

**3 F a) Mínigh an chaoi ar féidir leis an teoiric faoin 'Cogadh Cóir' treoir a thabhairt agus cinneadh á dhéanamh i gcás an fhoréigin ó thaobh na córa de.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar pheirspictíocht reiligiúnach ar fhoréigean trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ar féidir leis an teoiric faoin 'Cogadh Cóir' treoir a thabhairt agus cinneadh á dhéanamh i gcás an fhoréigin ó thaobh na córa de.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Féachann an Teoiric faoin gCogadh Cóir le prionsabal na féinchosanta a chothromú leis an réamhghlacan go bhfuil cogaíocht olc etc.
- Maíonn an teoiric faoin gcogadh cóir gur féidir seasamh le cogadh sa chás go bhfuil rogha an dá dhíogha ann, ach nach féidir déanamh amhlaidh ach faoi choinníollacha dochta i.e. cúis chóir, údarás inniúil, rún ceart, rogha dheiridh, dóchúlacht ratha agus comhréireacht etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 F b Scrúdaigh cé chomh héifeachtach is atá sé neamhfhoréigean a úsáid leis an gcóir a bhaint amach i gcás ar leith.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na naisc idir cóir agus síocháin trí shúil ghéar a chaitheamh ar a éifeachtaí atá sé neamhfhoréigean a úsáid chun cóir/cothrom na Féinne a bhaint amach i staid ar leith.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Is é atá i gceist le neamhfhoréigean mar shlí agóide ná agóid a dhéanamh go síochánta in aghaidh staid éagórach chun cheart na cúise a léiriú e.g. slógadh atá ag déanamh agóide go síochánta nó ag eagrú achainí in aghaidh cogaidh etc.
- Is stíl mhaireachtála é neamhfhoréigean a thugann comhtháthú domhain an 'neamhfhoréigin' i bhfealsúnacht bheatha an duine le fios e.g. is féidir le stíl mhaireachtála neamhfhoréigneach an Dalaí Láma cabhrú le síocháin a bhaint amach toisc go bhfuil meas ag daoine ar an ionracas atá aige; d'éirigh stíl mhaireachtála shíochánta Oscar Romero ina hagóid in aghaidh an fhoréigin agus na héagóra a chonaic sé sa tSalvadóir etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

**Freagair a) agus b).**

**3 Ga) Déan cur síos ar shampla den chaoi a n-úsáideann baill de mhór-reiligiún domhanda, a ndearna tú staidéar air, mantra *nó* téacs diaga agus machnamh á dhéanamh acu mar chineál urnaí. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thraidisiún urnaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a n-úsáideann baill de mhór-reiligiún domhanda amháin mantra nó téacs diaga mar chineál urnaí agus machnamh á dhéanamh acu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Baineann Búdaithe agus Críostaithe araon úsáid as teicnící aireachais e.g. An Búdachas — an mantra 'Om' ; an Chríostaíocht — sleachta ón mBíobla etc.
- Sa Hiondúchas, baintear úsáid as an mantra Shanti ag tús urnaí toisc go gcuireann sé in iúl an mhian go ndeonófar smaointeoireacht shoiléir etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 G b) Tabhair breac-chuntas ar an mbunús a bhí le teicníc mhachnaimh a úsáidtear mar chineál urnaí i mór-reiligiún domhanda amháin. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thraidisiún urnaí trí eolas cruinn a leagan amach ar an mbunús a bhí le teicníc mhachnaimh amháin a úsáidtear mar chineál urnaí i mór-reiligiún domhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
- Sa traidisiún Críostaí idir an cúigiú haois agus an dara haois déag, foirm mhachnaimh a bhíodh in Lectio Divina nó i léitheoireacht dhiaga, rud a bhí bunaithe ar sheanchleachtas Giúdach a bhain le scrioptúr a léamh os ard agus an téacs a fhoghlaim de ghlanmheabhair, agus aigne agus corp á gcomhtháthú in urnaí. D'imir an cineál sin machnaimh ar théacsanna diaga ról tábhachtach sa saol manachúil suas go dtí na Meánaoiseanna. I Riail San Beinidict (480 – 550), bhíodh Lectio Divina ina ghníomhaíocht laethúil a mhaireadh suas le dhá nó trí uair an chloig. Rinne na manaigh machnamh ar scríbhinní Aithreacha na hEaglaise agus ar na scrioptúir agus ar na téacsanna a bhain leis an saol spioradálta. Ba sa cheathrú haois déag a bhí an cineál sin machnaimh struchtúrtha den chéad uair ina mhodhanna agus ina chéimeanna etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA

**Freagair a) agus b).**

**3 H a) Tabhair breac-chuntas ar conas a chuir fionnachtain seandálaíochta leis an tuiscint chomhaimseartha maidir leis an gcaoi ar tharla gur scríobhadh an Bíobla.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an mbunús a bhí leis an mBíobla trí eolas cruinn a leagan amach ar conas a chuir fionnachtain seandálaíochta amháin leis an tuiscint chomhaimseartha maidir leis an gcaoi ar tharla gur scríobhadh an Bíobla.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
- Chaith fionnachtana seandálaíochta ón Sean-Neasoirthear solas ar scéalta an chruthaithe atá i Leabhar Gheineasas, ar na cód-dlíthe atá i Leabhar Eacsadas 21 — 23 agus ar na sailm; léirítear roinnt mhaith de na leabhair sna Scrioptúir Eabhraise sna bloghanna cáipéise a fuarthas i gCumrán, ina dtugtar eolas ar staid na dtéacsanna sa chianaimsir etc.
- Cabhraíonn an t-imscrúdú seandálaíochta ar leac inscríofa a fuarthas i nDeilfe le dátaí a chur le litreacha Naomh Pól etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 H b) Déan próifíl ar shlí amháin a bhféadfadh scéal Iób sa Bhíobla inspioráid a thabhairt do dhaoine sa lá atá inniu ann.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar sheánra liteartha a fhaightear sa Bhíobla trí shlí amháin a rianú a bhféadfadh scéal Iób sa Bhíobla inspioráid a thabhairt do dhaoine sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
- Tugtar aghaidh i scéal Iób sa Bhíobla ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar dhaoine sa lá atá inniu ann e.g. fadhb an oil; cén fáth a bhfulaingíonn daoine etc.
- D'fhéadfadh eispéireas Iób ar amhras agus ar éadóchas inspioráid a thabhairt do dhaoine atá ag streachailt le fadhbanna den sórt sin sa lá atá inniu ann etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

***Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

***Maidir lena bhfuil á mheas sna Critéir Mharcála Ghnáthleibhéil do gach ceist —***

| *Tuairiscín na Ceiste* | **SÁRMHAITH** | **AN-MHAITH** | **GO MAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** | **AN-LAG** | **GAN AON GHRÁD** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FIANAISE SA FHREAGRA AR AIDHMEANNA /CHUSPÓIRÍ /THORTHAÍ AN TSIOLLABAIS** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE AN-MHAITH | FIANAISE MHAITH | FIANAISE LEORDHÓTHANACH | FIANAISE NEAMHLEOR | BEAG FIANAISE | FÍORBHEAGÁN FIANAISE/ GAN AON FHIANAISE |
| **BAINT AN FHREAGRA LEIS AN GCEIST** | BAINT IOMLÁN AGUS SHOILÉIR | BAINT SHOILÉIR | BAINT GHINEARÁLTA | BAINT THEORANTA | BEAGÁN BAINTE | FÍORBHEAGÁN BAINTE | GAN AON BHAINT |
| **CRUINNEAS** | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | FÍORBHEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | BEAG FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | ROINNT MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT AN-MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | MÓR-EARRÁID(Í) SHUBSTAINTIÚIL (SUBSTAINTIÚLA) |
| **FIANAISE AR GHABHÁIL DON SCIL (DO NA SCILEANNA)** | ÚSÁID SHÁRMHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID AN-MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID ÉIGIN AS SCIL(EANNA) | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | FÍORBHEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | GAN AON ÚSÁID AS SCIL(EANNA) |

*Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2014*
*—S97/12*

**ROINN I: REILIGIÚN, EISPÉIREAS NA HÉIREANN**

**I.1 Cás-staidéar ina ndéantar comparáid idir na patrúin reatha i gcleachtadh an chreidimh i measc na mball de phobal creidimh in Éirinn agus na patrúin reatha i measc bhaill an phobail sin i dtír amháin eile san Eoraip.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar phatrúin an chreidimh san Eoraip trí chuntas cruinn a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó na difríochtaí i bpatrún an chreidimh i bpobal creidimh in Éirinn agus é sin a fhaightear i measc bhaill an phobail sin i dtír amháin eile san Eoraip.

**I. 2. Déan próifíl de dhá shampla ar conas a chuireann baill na n-eaglaisí Críostaí an t-éacúiméineachas chun cinn in Éirinn sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar an gCríostaíocht in Éirinn an lae inniu trí dhá shampla a rianú den dóigh a gcuireann baill na nEaglaisí Críostaí an cuardach aontachta chun cinn i measc na nEaglaisí Críostaí sa lá atá inniu ann.

**ROINN J:AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT**

**J. 1 Imscrúdú ar an tionchar a d'imir teoiric amháin de chuid Descartes ar an gcoibhneas idir an eolaíocht agus an reiligiún.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar ócáid thábhachtach sa choibhneas idir an eolaíocht agus an diagacht trí shúil ghéar a chaitheamh ar an tionchar a bhí ag teoiric amháin de chuid Descartes ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht.

**J. 2 *Ón gcianaimsir anuas go dtí an lá atá inniu ann, tá tuairimí éagsúla nochtaithe maidir le tús na cruinne.* Iniúchadh ar an bhfianaise atá ann i gcás an ráitis sin agus tú ag tagairt do theoiric nua-aimseartha eolaíoch agus do chuntas ársa maidir le tús na cruinne.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an gcomhphlé idir an reiligiún agus an eolaíocht trí shúil ghéar a chaitheamh ar an difríocht idir teoiric reatha eolaíoch agus cuntas ársa maidir le tús na cruinne agus trí thátail chruinne a bhaint as an difríocht sin.

***Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Gnáthleibhéal***

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó cásmhaireachta
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, ar thuiscint, ar scileanna agus ar dhearcthaí na ndaltaí, de réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na roinne atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, faoi anailís agus faoi mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.
(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – NCCA leathanach 142)

- Éilítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon teideal amháin a chur isteach.
- Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.
- Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folmha a sholáthraítear ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh go díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

*Maidir lena bhfuil á mheas in Obair Chúrsa Ghnáthleibhéil: Cuid A – Achoimre ar an Iniúchadh ar Theideal Roghnaithe 2014*

| | *Cuid A Tuairiscín:* | **SÁRMHAITH** | **AN-MHAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Fianaise ar chritéir mharcála do theidil 2014** (eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas) **Cód MC** | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE MHAITH CHRUINN | FIANAISE ÉIGIN | FIANAISE BHOCHT/ GAN AON FHIANAISE |
| | | **40 > 33** | **32 > 25** | **24 > 17** | **16 > 0** |
| ***An tslí a ndéileáiltear le pointí socraithe i gCuid A.*** | **Foinsí eolais ar theideal 2014.** **Cód SI** | EOLAS SUBSTAINTIÚIL | EOLAS MAITH | EOLAS ÉIGIN | BEAGÁN EOLAIS/GAN AON EOLAS |
| | **Eolas ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh ar Theideal 2014** (taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh) **Cód SS** | EOLAS MIONSONRAITHE | EOLAS GINEARÁLTA | EOLAS AN-GHINEARÁLTA | BEAGÁN EOLAIS/GAN AON EOLAS |
| | **Achoimre ar thorthaí ar theideal 2014** (an cumas chun – eolas a roghnú, agus anailís agus measúnú a dhéanamh air; eolas a shórtáil agus eagar a chur air; tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach)<br><br>**Fianaise tacaíochta do chonclúidí a bhaintear.**<br><br>**Gabháil phearsanta le Teideal 2014.** **Cód SF** | • saothar AN-FHIÚNTACH.<br>• achoimre IOMLÁN agus ÁBHARTHA<br>• fianaise SHUBSTAINTIÚIL tacaíochta do chonclúidí<br>• gabháil phearsanta SHUBSTAINTIÚIL le teideal 2014 | • saothar FIÚNTACH.<br>• achoimre GHINEARÁLTA<br>• fianaise MHAITH tacaíochta do chonclúidí<br>• gabháil phearsanta SHOILÉIR le teideal 2014 | • saothar IMLEOR<br>• achoimre THEORANTA<br>• fianaise tacaíochta ÉIGIN do chonclúidí<br>• gabháil phearsanta ÉIGIN le teideal 2014 | • saothar BEAGBHRÍOCH/NEAMHÁBHARTHA.<br>• achoimre BHOCHT/GAN achoimre<br>• BEAGÁN/GAN fianaise tacaíochta do chonclúidí<br>• gabháil phearsanta NEAMHLEOR/GAN AON ghabháil phearsanta le teideal 2014 |

*Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar na heispéiris a baineadh amach trí obair chúrsa a dhéanamh ar Theideal Roghnaithe 2014*

| | **Cuid B Tuairiscín:** | **SÁRMHAITH** | **GO-MAITH** | **AN-MHAITH** | **RÉASÚNTA / LAG** |
|---|---|---|---|---|---|
| | ***Fianaise ar chritéir mharcála do theidil 2014*** *(eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas)* **Cód MC** | **FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL** | **FIANAISE MHAITH CHRUINN** | **FIANAISE ÉIGIN** | **FIANAISE BHOCHT/GAN AON FHIANAISE** |
| | | **40 > 33** | **32 > 25** | **24 > 17** | **16 > 0** |
| ***An tslí a ndéileáiltear le ceisteanna socraithe i gCuid B*** | **ÚSÁID SCILEANNA** ar Theideal 2014 *(taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh, breithiúnas, measúnú).* **Cód S** | ÚSÁID SHUBSTAINTIÚIL SCILEANNA | ÚSÁID SHOILÉIR SCILEANNA | ÚSÁID IMLEOR SCILEANNA | ÚSÁID NEAMHLEOR/GAN AON ÚSÁID SCILEANNA |
| | Cén fáth a raibh teideal 2014 ina **ÁBHAR SPÉISE**? (díograis / imní) **Cód I** | saothar AN-FHIÚNTACH míniúchán MIONSONRAITHE spéis phearsanta SHOILÉIR | saothar FIÚNTACH míniúchán GINEARÁLTA spéis phearsanta ÉIGIN | saothar BREÁ spéis phearsanta ÁBHARTHA NEAMHLEOR | saothar BEAGBHRÍOCH/ AN-BHEAGBHRÍOCH BEAGÁN ábharthachta/ GAN AON ábharthacht spéis phearsanta |
| | Cé na **PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA** ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa á déanamh ar theideal roghnaithe 2014? **Cód P** | sainaithint SHUBSTAINTIÚIL agus peirspictíochtaí difriúla a chothromú | sainaithint SHOILÉIR agus peirspictíochtaí difriúla a chothromú | sainaithint ÉIGIN agus peirspictíochtaí difriúla a chothromú | BEAGÁN sainaitheanta/ GAN AON sainaithint agus peirspictíochtaí difriúla a chothromú |
| | Cé na **CEISTEANNA** a tháinig chun cinn agus obair chúrsa á déanamh ar theideal 2014? **Cód Q** | Sainaithint SHUBSTAINTIÚIL ceisteanna | Sainaithint SHOILÉIR ceisteanna | sainaithint ÉIGIN ceisteanna | BEAGÁN sainaitheanta ceisteanna/GAN AON sainaithint ceisteanna |
| | Cé na **LÉARGAIS PHEARSANTA** a gnóthaíodh as obair chúrsa a dhéanamh ar theideal 2014? **Cód PI** | cur síos MIONSONRAITHE mar aon le gabháil phearsanta SHUBSTAINTIÚIL | cur síos GINEARÁLTA mar aon le gabháil phearsanta SHOILÉIR | cur síos GINEARÁLTA mar aon le gabháil phearsanta imleor | BEAGÁN cur síos/GAN AON chur síos mar aon le gabháil phearsanta NEAMHLEOR/GAN gabháil phearsanta |
| | Cad a bhí ar an ngné ba **LUACHMHAIRE** d'obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal? **Cód V** | measúnú SUBSTAINTIÚIL lena mbaineann luach | Measúnú MAITH lena mbaineann luach | measúnú ÉIGIN lena mbaineann luach | BEAGÁN measúnaithe/ GAN AON mheasúnú substaintiúil lena mbaineann luach |

Leathanach Bán

Leathanach Bán